2024. S61T

2024J137C1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
## State Examinations Commission

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Grafaic

Comhleibhéal

Dé Máirt 11 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:30

280 marc

**Stampa an Ionaid**

| **Ceist** | **Marc** |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| **Iomlán don Pháipéar** | |
| **Tionscadal an Dalta** | |
| **Móriomlán** | |
| **Grád** | |

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla





**Treoracha Ginearálta**:

- Freagair na ceisteanna go léir
- Ní mór na tógálacha go léir a thaispeáint go soiléir
- Tá na toisí go léir ina milliméadair
- Níor ghá go mbeadh na grafaicí a chuirtear i láthair tarraingthe de réir scála
- Críochnaigh do chuid freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán seo
- Nuair atá T-bhacart á úsáid agat, is féidir clúdach cúil an leabhráin seo a fheistiú ar do chlár líníochta nó ar do dheasc, agus téip á úsáid
- Tá spás d’obair bhreise ag deireadh an leabhráin seo

  Cuir lipéad ar aon obair bhreise dá leithéid le huimhir agus cuid na ceiste
- Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**1.** **(a)** Taispeántar sna híomhánna thíos ceithre théarma a bhaineann le ciorcail.


Agus ✓ á úsáid agat, cuir an téarma ceart in iúl do **gach** íomhá sa tábla thíos.


| | |
|---|---|
|  | **Téarma:**<br>Comhlárnach ☐<br>Éalárnach ☐ |
|  | **Téarma:**<br>Ga ☐<br>Trastomhas ☐ |
|  | **Téarma:**<br>Teascán ☐<br>Ceathrú ☐ |
|  | **Téarma:**<br>Tadhlaí ☐<br>Normalach ☐ |

**(b)** Agus ✓ á úsáid agat, cuir in iúl cibé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas **fíor** nó **bréagach**.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Roinneann an trastomhas ciorcal ina dhá chuid chothroma. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Tá $360^{\circ}$ i gciorcal iomlán. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá leath an gha cothrom leis an trastomhas. | ☐ | ☐ |





**(c)** Taispeántar ar dheis cón a cruthaíodh trí thriantán a rothlú timpeall ar ais. Taispeántar freisin choinnleoir taechoinnle bunaithe ar leathsféar agus cón barrscoite.





**(i)** Críochnaigh sceitse saorláimhe den réad 3-thoiseach a cruthaítear nuair a rothlaítear gach cruth thíos timpeall ar a n-aiseanna mar a thugtar.


**(ii)** Cuir rindreáil chuí ar gach sceitse chun cuma 3T a bhaint amach.

| | |
|---|---|
| <br>**Leathsféar** |  |
| <br>**Cón Barrscoite** |  |

**2.** **(a)** Taispeántar ingearchló agus bonnchló feadóige thíos.

Sa spás a chuirtear ar fáil, tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den fheadóg.

Cuir dath **nó** scáthú ar an sceitse.





**(b)** Taispeántar san íomhá foireann cuaillí.

Taispeántar thíos taobhchló imlíneach de na cuaillí.

Tarraing foireann nua cuaillí cosúil leis an bhfoireann a thugtar agus an fad **AB** méadaithe go **$AB_1$**.







**(c)** Taispeántar thall ingearchló de thrófaí spóirt. Cuimsíonn an trófaí polagán rialta.

**(i)** Ainmnigh an polagán.

**(ii)** Agus na toisí a thugtar á n-úsáid agat, atarraing an trófaí ar an lárlíne agus ar an mbonnlíne thíos.


Taispeáin na tógálacha go léir agus na pointí teagmhála.



**3.** Díolann cuideachta raon soláthairtí agus trealaimh oifige.

**(a)** Taispeántar thíos stáplóir.

Sa spás atá curtha ar fáil, tarraing sceitse **saorláimhe** dea-chomhréirithe d'**ingearchló** an stáplóra sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.





**(b)** Taispeántar san íomhá biorán sáite a chuir an chuideachta ar fáil.

Taispeántar thíos líníocht imlíne de bhiorán sáite atá cosúil leis.

Atarraing an biorán sáite thíos, agus é rothlaithe ar tuathal timpeall ar an bpointe **O** go dtí go sroicheann pointe **A** an líne **LL**$_1$.








**(c)** Taispeántar sna híomhánna thíos dearadh le haghaidh fáiscín ceangailte.

Cuimsíonn an fáiscín parabóil **doc** lena rinn ag **O**.

Tarraing an pharabóil **doc** sa dronuilleog **abcd** thall.






**(d)** Taispeántar san íomhá thall coinneálaí peann.

Taispeántar thíos bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe coinneálaí peann atá cosúil leis.




**(i)** Líon isteach an focal atá in easnamh san abairt thíos.

Is é atá sa choinneálaí peann ná __________ cearnógach barrscoite.

**(ii)** Críochnaigh an t- ingearchló den choinneálaí peann ón mbonnchló a thugtar.

**(iii)** Aimsigh fíorchruth an dromchla **S**.



**(e)** Taispeántar san íomhá thíos dearadh printéara oifige.


Tarraing:

**(i)** Ingearchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**(ii)** Bonnchló teilgthe ón ingearchló.

**(iii)** Taobhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **B**.

**(iv)** Innéacsaigh na pointí **c** agus **d** i mbonnchló, in ingearchló, agus i dtaobhchló.







| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
|---|---|---|
| | | |

**4.** Taispeántar san íomhá thall héileacaptar bréagáin atá pacáistithe le haghaidh taispeána.


Tá cabhail an héileacaptair bunaithe ar éilips.







**(a)** Taispeántar thíos cló pictiúrtha den héileacaptar.

Meaitseáil an litir cheart leis an gcló ortagrafach cuí a thaispeántar sa tábla.

Tá cló amháin críochnaithe duit.





| | |
|---|---|
|  | |
|  | |
|  | |
|  | B |


**(b)** Taispeántar thíos dearadh le haghaidh héileapad.

Taispeántar imlíne héileapad atá cosúil leis freisin.

Roinn an líne **AB** ina **5** chuid chothroma agus críochnaigh líníocht an héileapad.

Taispeáin na tógálacha go léir go soiléir.









**(c)** Taispeántar an íomhá 3T ar dheis thíos an pacáistiú don héileacaptar bréagáin.

Taispeántar thíos ingearchló, taobhchló, agus forbairt dromchla neamhchríochnaithe an phacáistithe.

Críochnaigh forbairt dromchla an phacáistithe.







**(d)** **(i)** Agus ✓ á úsáid agat, cuir in iúl an freagra ceart chun an ráiteas seo a leanas a chríochnú.

Tá suim na nGathanna Fócais |**PF$_1$**| + |**PF$_2$**| cothrom le(is):

- ☐ Leath na mór-aise
- ☐ Leath na mion-aise
- ☐ An mhór-ais


**(ii)** Tóg tadhlaí don éilips ag an bpointe **P**.



**(e)** Taispeántar ar dheis líníocht toisithe den héileacaptar bréagáin.


Is éilips é an cuar **ABCD**. Is é **BD** an mhion-ais agus is iad $\mathbf{F_1}$ agus $\mathbf{F_2}$ pointí fócais an éilips.

Is tadhlaí é **OT** don chiorcal.




**(i)** Agus fad na mion-aise **BD**, na pointí fócais $\mathbf{F_1}$ agus $\mathbf{F_2}$ agus suíomh na mór-aise thíos mar a thugtar. Aimsigh fad na mór-aise agus tarraing an t-éilips.


**(ii)** Agus na toisí a thugtar á n-úsáid agat, críochnaigh líníocht an héileacaptair.




**5.** **(a)** Taispeántar san íomhá thall aonad seiceála amach ollmhargaidh.

Taispeántar thíos ingearchló agus bonnchló an aonaid.
Tá dhá bhosca **A** agus **B** ar chrios an aonaid seiceála amach.
Gluaiseann na boscaí **A** agus **B** in éineacht leis an gcrios go dtí go sroicheann bosca **A** an líne **L-L₁** sa bhonnchló.


Críochnaigh an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar chun an **dá** bhosca a thaispeáint ina suíomhanna nua.




**(b)** Taispeántar thíos boscaí gránaigh atá ar taispeáint in ollmhargadh.

Sa spás atá curtha ar fáil, scríobh síos líon na mboscaí atá sa taispeántas.




Líon na mboscaí:____________

**(c)** Tugtar thíos ingearchló, bonnchló agus taobhchló neamhchríochnaithe bacainne iontrála ollmhargaidh.


Osclaíonn na geataí ar leithligh. Rothlaíonn ceann amháin trí 30° timpeall ar an bpointe **O** agus rothlaíonn an ceann eile trí 45° timpeall ar an bpointe **N** mar a thaispeántar leis na línte briste sa bhonnchló.

Críochnaigh taobhchló na bacainne iontrála chun an dá gheata a thaispeáint ina suíomhanna rothlaithe.





**(d)** Taispeántar thíos lógó neamhchríochnaithe le haghaidh aonad seiceála amach féinseirbhíse.


Críochnaigh an lógó trí shiméadracht aiseach a thógáil sa líne **L-L₁**.



**(e)** Taispeántar thíos líníocht pheirspictíochta neamhchríochnaithe den aonad seiceála amach ollmhargaidh.

Taispeántar grafaic 3T freisin. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den aonad seiceála amach.





| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
|---|---|---|
| | | |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go mbeadh téacs nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach bhfuil úinéireacht chóipchirt ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu, agus a d’fhéadfadh a bheith curtha in oiriúint chun críche measúnaithe, gan réamhchead an údair/na n-údar. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) d’Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear úsáid ar bith dá éis le haghaidh críche seachas an cuspóir atá beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún le dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a d’eascródh as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Grafaic

Dé Máirt, 11 Meitheamh

Maidin, 9:30 - 11:30